Gradam Ceoil TG4

2027

An dáta deiridh d'iarratais: 12:00 an 6 Eanáir 2027

Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáiltíonn TG4 roimh iarratais chun Gradam Ceoil TG4 2027 a léiriú le craoladh beo i dtreo lár mhí Mheán Fómhair 2027. Conradh léiriúcháin bliana amháin atá i gceist leis an tairiscint seo.

Tá Gradam Ceoil TG4 ar cheann de bhuaicócáidí ceoil agus cultúrtha TG4 agus ar cheann de na hócáidí is tábhachtaí i bhféilire an cheoil traidisiúnta, ag ceiliúradh éachtaí na gceoltóirí agus ag mealladh lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Beidh 30 bliain ar an bhfód ag na Gradam in 2027 agus is deis ar leith í chun athshamhlú cruthaitheach agus uaillmhianach a dhéanamh ar a dtodhchaí.

Tá TG4 ag lorg fís úr, shainiúil agus mhisniúil do Ghradam Ceoil 2027**.** Fáiltímid roimh smaointe a dhéanfaidh athshamhlú ar fhormáid, ar chur i láthair agus ar chur chuige craolta na nGradam mar mhórócáid bheo agus mar eispéireas ilardáin. Táimid oscailte do chur chuige úr maidir le struchtúr na hócáide, an t-ionad, an stáitsiú, an láithreoireacht agus an scéalaíocht.

Ba mhaith linn go mbeadh na Gradam fréamhaithe go láidir i nádúr agus i spiorad an cheoil thraidisiúnta agus go mbeadh meas ar na gradamóirí agus ar a gcuid éachtaí i gcroílár na hócáide. Caithfidh an ceol féin a bheith chun tosaigh**,** le béim ar an gceol, ar an amhránaíocht agus ar an damhsa agus cur i láthair nádúrtha barántúil a chuirfidh na ceoltóirí ar a gcompord agus a thabharfaidh eispéireas beo, bríomhar agus taitneamhach don lucht féachana.

Táimid ag lorg smaointe uaillmhianach chruthaitheach a thabharfaidh fuinneamh nua don ócáid, a spreagfaidh glúin nua ceoltóirí agus lucht féachana agus a dhaingneoidh áit Ghradam Ceoil TG4 mar cheann de mhórócáidí ceoil agus cultúrtha na tíre sna blianta amach romhainn.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

LUCHT FÉACHANA, CUR CHUIGE DIGITEACH & POIBLÍOCHTA

Tá lucht féachana dílis ag Gradam Ceoil TG4 ach tá deis shuntasach ann lucht féachana nua agus a mhealladh in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Táimid ag lorg smaointe a thógfaidh ar láidreachtaí na nGradam agus a dhéanfaidh iad a athshamhlú do lucht féachana an lae inniu.

Ní breisíocht ar an gcraoladh beo amháin atá i gceist leis an gcur chuige digiteach agus an t-ábhar do na meáin shóisialta. Ba mhaith linn go mbeadh sé mar chuid lárnach den fhís chruthaitheach ón tús, le smaointe soiléire chun lucht féachana a mhealladh agus a spreagadh roimh an ócáid, lena linn agus ina diaidh.

Táimid ag lorg smaointe a bhaineann leas cruthaitheach as TG4, TG4+, YouTube agus na meáin shóisialta, le hábhar a bheidh oiriúnach do gach ardán agus dá lucht féachana féin. Moltar íosmhéid de 40 nóiméad d'ábhar digiteach nualéirithe a bheith san áireamh sa phacáiste chomh maith le plean ábhair do na meáin shóisialta chun na nGradaim a chur i mbéal an phobail go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ní mór do thograí a bheith ag teacht le tosaíochtaí eagarthóireachta TG4, lenár straitéis lucht féachana agus lenár dtiomantas d'ábhar Gaeilge den scoth. Ba chóir d'iarratasóirí aird ar leith a thabhairt ar Pholasaí Teanga TG4 agus a chinntiú go bhfuil a gcur chuige ag teacht leis. Polasai Teanga TG4

RIACHTANAIS LÉIRIÚCHÁIN

Craoladh: Clár beo idir 90 agus 100 nóiméad ar fhad le léiriú ilcheamara móide ábhar digiteach breise (íosmhéid 40 nóiméad) agus ábhar do na meáin shóisialta.

Ardáin: Craoladh beo ar TG4, TG4+ agus ar chainéal YouTube Trad TG4; ábhar digiteach & sóisialta do TG4+, YouTube Trad TG4 & na hardáin shóisialta.

Dáta: An 3ú Domhnach i mhí Mheán Fómhair 2027 atá molta.

Suíomh: Is féidir suíomh / ionad na coirme a mholadh (le haontú le TG4)

Féadfar ionad ceolchoirme nó léirithe a mholadh mar chuid den iarratas, ar choinníoll go bhfuil sé oiriúnach do léiriú ilcheamara agus do lucht féachana suntasasch a bheith i láthair. Déanfar an t-ionad deiridh a aontú i gcomhar le TG4. Fáiltímid roimh ionaid a bhfuil féiniúlacht agus carachtar dá gcuid féin acu agus a d'fhéadfadh cur le heispéireas agus le hatmaisféar na hócáide. Ní gá cloí le gnáthstáitse searmanais bhronnta gradam.

BUISÉAD AGUS CEARTA

Tá buiséad léiriúcháin d'uasmhéid €300,000 ar fáil don togra. Ní mór go gclúdódh sé costais uile an léirithe agus an stáitsithe, chomh maith leis an ábhar nualéirithe digiteach, ábhar do na meáin shóisialta, poiblíocht agus na gnéithe eile a bhaineann le togra Gradam Ceoil TG4. Beidh gá costas chíosa an ionaid a chur ar fáil mar chuid den iarratas ach beidh an ionad agus an costas sin le haontú in éineacht le TG4.

Tá cearta saol ag TG4 ar an ábhar de réir théarmaí an chonartha.

Beidh foirm le comhlánú mar chuid den iarratas ar shuíomh eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas a bhaineann leis na riachtanais thíos, mar aon le haon ábhar tacaíochta, naisc nó cáipéisí breise a chur isteach mar PDF ag deireadh an iarratais.

Is gá na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:

- **Fís Chruthaitheach agus Eagarthóireachta:** An fhís agus an cur chuige cruthaitheach do Ghradam Ceoil 2027, ag léiriú conas a dhéanfar na Gradam a athshamhlú ar bhealach úr, sainiúil agus tarraingteach.
- **Ceol, Gradamóirí agus Scéalaíocht:** An cur chuige chun na gradamóirí, a gcuid éachtaí agus an ceol féin a cheiliúradh trí eispéireas beo, taitneamhach agus siamsúil.
- **Lucht Féachana:** An sprioclucht féachana agus an chaoi a bhfreastalófar ar lucht féachana dílis na nGradam agus a mheallfar lucht féachana nua.
- **Plean Digiteach agus Ilardáin:** Plean cruthaitheach chun ábhar digiteach nua léirithe a léiriú do na hardáin agus conas lucht féachana a thiomáint i dtreo na nGradaim roimh an ócáid, lena linn agus ina diaidh.
- **Fís Stiúrthóireachta agus Dearadh:** An cur chuige maidir le stiúradh, stáitsiú, dearadh, ionad agus cur i láthair na hócáide le béim ar shainiúlacht an cheoil agus ar fhís ealaíonta an léirithe.
- **Foireann Chruthaitheach agus Léiriúcháin:** Sonraí na foirne cruthaithí, eagarthóireachta, léiriúcháin, láithreoireachta, digiteacha agus poiblíochta, mar aon lena dtaithí ábhartha.
- **Cur Chuige Teanga:** An cur chuige chun ardchaighdeán, cruinneas agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú. Beidh comhairleoir teanga ó phainéal TG4 riachtanach don togra.
- **Buiséad agus Plean Seachadta:** Buiséad mionsonraithe agus plean léiriúcháin a léiríonn conas a chuirfear an fhís chruthaitheach i gcrích laistigh den bhuiséad agus den tréimhse atá ar fáil. Caithfear an buiséad iomlán a chur ar fáil ar fhoirm bhuiséid TG4. Tá teimpléad le fáil ar: TG4 Teimplead Buisead Coimisiuin

Má tá aon cheist agat maidir leis an mbabhta seo nó más maith leat cruinniú a shocrú, seol ríomhphost chuig proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie nó ciaran.omaonaigh@tg4.ie

Eolas Eile d'Iarrthóirí

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/ , agus an t-iarratas a dhéanamh roimh an sprioc-am tríd an rogha, ***Gradam Ceoil 2027****, a roghnú ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is iad na comhlachtaí féin a chaithfidh a chinntiú gur seachadadh na hiarratais.*

Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig caithriona.nichurraoin@tg4.ie nó lauren.nimhaoileanaigh@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Caithfear a bheith cláraithe mar Chuideachta Theoranta.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.